



TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
KOKOTT
arna tabhairt an 19 Nollaig 2024¹

Cás C-427/23

Határ Diszkont Kft.

v

Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága

[iarraidh ar réamhrialú ó Szegedi Törvényszék (Cúirt Dúiche Szeged, an Ungáir)]

(Tarchur chun réamhrialú – Cáin bhreisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 1(2), Airteagal 2(1)(c), agus Airteagal 78 – Aisíocaíocht méideanna a íocadh mar réamhíocaíocht CBL le ceannaitheoirí neamhchónaitheacha san Aontas Eorpach – Táillí bainistíochta cásanna – Soláthairtí neamhspleácha faoi réir CBL – Coincheapa ‘soláthar casta aonair’, ‘soláthar sa bhreis ar an bpríomhsholáthar’ agus ‘neamhspleáchas soláthairtí’ – Díolúintí faoi Airteagail 135(1)(d) agus 146(1)(e) – Cosaint phrionsabal an ionchais dhlisteanáigh – Bonn cánach)

I. Réamhrá

1. Sa tarchur chun réamhrialú seo, iarrtar arís ar an gCúirt Bhreithiúnais breithniú a dhéanamh ar an gceist, atá tábhachtach sa chleachtas, maidir le cathain, i gcomhthéacs láimhseáil cánach idirbhearta áirithe, is gá glacadh leis go bhfuil soláthar aonair nó iolracht seirbhísí ann. Maidir leis an dara cás sin, tagann an cheist chun cinn freisin maidir le haicmiú na seirbhísí sin mar ‘sheirbhísí neamhspleácha’, ‘soláthar casta aonair’ nó ‘soláthar atá coimhdeach leis an bpríomhsholáthar’.²

2. Sa chás seo, dhíol cuideachta Ungárach earraí éagsúla le ceannaitheoirí neamhchónaitheacha san Aontas lena n-onnmhairiú lasmuigh den Aontas Eorpach. Tharla na díolacháin seo ina shiopa san Ungáir gar don teorainn leis an tSeirbia. Bhí na hidirbhearta sin, i bprionsabal, díolmhaithe ó cháin bhreisluacha (CBL) mar sholáthairtí earraí arna seoladh nó arna n-iompar lasmuigh den Aontas ag an custaiméir neamhbhunaithe. Ina dhiaidh sin, thug an gnóthas sin ar ais do cheannaitheoirí neamhchónaitheacha na méideanna a d’íoc siad mar réamhíocaíocht CBL a bheadh dlite i gcás nár cuireadh an díolúine atá i gceist chun feidhme. Mar sin féin, i ndáil le bainistiú na gcomhad a bhaineann leis na haisíocaíochtaí sin, ghearr an gnóthas táille 15 % den mhéid a aisíocadh. Sa chomhthéacs sin, tagann an cheist chun cinn maidir le cóireáil cánach i dtaca le táillí bainistithe na gcásanna sin. An eascraíonn soláthar neamhspleách agus inchánach

¹ Bunteanga: an Fhraincis.

² Maidir leis na ceisteanna sin, féach, le déanaí, breithiúnais an 4 Márta 2021, *Frenetikexito* (C-581/19, EU:C:2021:167), agus an 20 Aibreán 2023, *Dyrektor Krajowej Informacji Skarbowej* (C-282/22, EU:C:2023:312). Féach, freisin, mo Thuairim in *Frenetikexito* (C-581/19, EU:C:2020:855 míreanna 14 go 47, ina bhfuil roinnt tagairtí don chásdíl).

as gníomhaíochtaí bainistithe cásanna i gcás inar soláthairtí coimhdeacha iad a leanann cóireáil cánach an phríomhsholáthair dhíolmhaithe, eadhon soláthar earraí lena n-onnmhairiú? Nó an bhfuil siad díolmhaithe ar bhonn forálacha eile?

3. Leis an gcás seo, tugtar deis don Chúirt Bhreithiúnais soiléiriú a dhéanamh ar na critéir maidir le cóireáil CBL na n-idirbheart sin. Ina theannta sin, ardaíonn sé, mar mhalairt air sin, ceisteanna maidir le hionchais dhlisteanacha a chosaint i gcás ina ndearna na húdaráis chánach na tuairisceáin CBL inar measadh go raibh na hidirbhearta sin díolmhaithe a sheiceáil agus inar ghlac siad leo ar feadh roinnt blianta, chomh maith leis an méid inchánach atá le cur san áireamh sa chás seo agus an modh chun CBL a ríomh.

II. An dlí lena mbaineann

A. *Dlí an Aontais*

4. Bunaíodh creat dlíthiúil an Aontais le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha.³ Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 1(2) den Treoir maidir le CBL:

‘Is éard atá i gceist le prionsabal an chomhchórais CBL cáin ghinearálta ar thomhaltas a chur i bhfeidhm ar earraí agus ar sheirbhísí atá go díreach i gcomhréir le praghas na n-earraí agus na seirbhísí, ach déantar go leor idirbheart sa phróiseas táirgthe agus dailte roimh an gcéim ag a ngearrtar an cháin.

Ar gach idirbheart, beidh cáin bhreisluacha, arna ríomh ar phraghas na n-earraí nó na seirbhísí de réir an ráta is infheidhme maidir leis na hearraí nó na seirbhísí sin, inmhuirearaithe tar éis an méid cánach breisluacha a iompraíonn na comhpháirteanna costais éagsúla go díreach a asbhaint.

[...]

5. Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 2(1) den Treoir maidir le CBL:

‘Beidh na hidirbhearta seo a leanas faoi réir CBL:

(a) soláthar earraí arna dhéanamh ar chomaoin laistigh de chríoch Bhallstáit ag duine inchánach ag gníomhú sa cháil sin;

[...]

(c) soláthar seirbhísí arna dhéanamh ar comaoin laistigh de chríoch Bhallstáit arna déanamh ag duine inchánach ag gníomhú sa cháil sin;

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

³ IO 2006 L 347, lch. 1, sa leagan is infheidhme maidir leis an tréimhse atá i gceist (‘an Treoir maidir le CBL’).

6. Faoi Airteagal 73 den Treoir maidir le CBL:

‘Maidir le soláthar earraí nó seirbhísí, seachas an soláthar earraí agus seirbhísí sin dá dtagraítear in Airteagail 74 go 77, áireofar leis an méid inchánach gach aon ní a bhfuil i gceist leo comaoin a gheobhaidh an soláthraí nó atá le fáil aige, i gcomaoin soláthair, ón gcustaiméir nó ó thríú páirtí, lena n-áirítear fóirdheontais atá nasctha go díreach le praghas an tsoláthair.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7. Foráiltear le hAirteagal 78 den Treoir sin:

‘Áireofar ar an méid inchánach na fachtóirí seo a leanas:

[...]

- (b) caiteachais choimhdeacha, ar nós costais choimisiúin, phacáistíochta, iompair agus árachais, arna ngearradh ag an soláthraí ar cheannaitheoir na n-earraí.

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8. Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 135(1)(d) den Treoir maidir le CBL:

‘Déanfaidh na Ballstáit na hidirbhearta seo a leanas a dhíolmhú:

[...]

- (d) idirbhearta, lena n-áirítear caibidlíocht, maidir le cuntais taisce agus reatha, íocaíochtaí, aistrithe, fiacha, seiceanna agus ionstraimí soshannta eile, ach gan bailiú fiach a áireamh;

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9. De réir Airteagal 146(1) den Treoir sin:

‘Déanfaidh na Ballstáit na hidirbhearta seo a leanas a dhíolmhú:

[...]

- (b) soláthar earraí a sheolann nó a iompraíonn an custaiméir nó a sheoltar nó a iompraítear thar ceann an chustaiméara nach bhfuil bunaithe laistigh dá gcríoch faoi seach chuig ceann scríbe lasmuigh den [Aontas],

[...]

- (e) soláthar seirbhísí, lena n-áirítear idirbhearta iompair agus coimhdeacha, cé is moite de sholáthar seirbhísí atá díolmhaithe i gcomhréir le hAirteagal 132 agus le hAirteagal 135, i gcás ina bhfuil baint dhíreach acu le honnmhairí nó allmhairí earraí a chumhdaítear le forálacha Airteagal 61 agus Airteagal 157(1)(a).’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

B. Dlí na hUngáire

10. Tá an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir le CBL le fáil in általános forgalmi adórol CXXVII. törvény (Dlí Uimh. CXXVII, maidir le cáin bhreisluacha), 2007 (*Magyar Közlöny* 2007/155), sa leagan is infheidhme (‘Dlí na hUngáire maidir le CBL’).

11. Foráiltear le hAirteagal 98(1) de Dhlí na hUngáire maidir le CBL:

‘Beidh soláthairtí earraí a sheoltar leis an bpost nó a iompraítear ón tír chuig tír lasmuigh den [Aontas Eorpach] díolmhaithe ó cháin, ar choinníoll, maidir leis an seoladh nó leis an iompar:

- (a) is é an soláthróir féin a dhéanann seoladh nó iompair na soláthairtí earraí nó is tríú páirtí a ghníomhaíonn thar a cheann a dhéanann é;
- (b) is é an ceannaitheoir a dhéanann é, nó is tríú páirtí a ghníomhaíonn thar a cheann a dhéanann é má chomhlíontar na coinníollacha breise a bhunaítear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo nó in Airteagail 99 agus 100 den Dlí seo.’

12. Foráiltear le hAirteagal 99 den Dlí sin:

‘1. I gcás inar taistealaí eachtrach an custaiméir agus gur cuid dá bhagáiste pearsanta nó de bhagáiste a thaistealaí iad na hearraí a soláthraíodh [...], chun go mbeidh feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 98(1):

- (a) gur mó ná méid atá coibhéiseach le EUR 175 an chomaoin, lena n-áirítear cáin, i leith earraí a sholáthar,
- (b) léiríonn an taistealaí eachtrach a stádas trí bhíthin doiciméid taistil nó doiciméid eile arna n-eisiúint ag na húdaráis, arna n-aithint ag an Ungáir agus arna n-úsáid chun an duine a shainaithint (‘na doiciméid taistil’ le chéile),
- (c) déanfar an fíoras gur fhág na hearraí críoch an Chomhphobail a fhianú ag údarás imeachta na n-earraí ó chríoch an [Aontais] trí víosa agus stampa a ghreamú ar fhoirm arna soláthar chun na críche sin ag údarás cánach an Stáit nó ar aon fhoirm eile arna húdarú ag an údarás cánach náisiúnta ina bhfuil na sonraí dá bhforáiltear i mír 10 (ar a dtugtar le chéile ‘an fhoirm iarratais ar aisíocaíocht cánach’), faoi réir na n-earraí arna soláthar a thíolacadh go comhuaineach mar aon le bunchóip an tsonraisc lena bhfianaítear comhlíonadh sholáthar na n-earraí.

2. Chun leas a bhaint as an díolúine, ní mór do dhíoltóir na n-earraí, chomh maith le sonrasc a eisiúint, foirm iarratais ar aisíocaíocht cánach a chomhlánú arna iarraidh sin don taistealaí eachtrach. Níor cheart na sonraí maidir le haitheantas an taistealaí eachtraigh ar an sonrasc agus ar an bhfoirm iarratais ar aisíocaíocht cánach a bheith éagsúil leis na sonraí ar na doiciméid taistil. Ceanglaítear ar an taistealaí eachtrach na doiciméid taistil a chur i láthair dhíoltóir na n-earraí. Ní

fhéadfaidh ach na sonraí a bhaineann le soláthar earraí ar shonrasc amháin a bheith san fhoirm iarratais ar aisíocaíocht cánach, ionas nach féidir leo a bheith difriúil ó na sonraí sa sonrasc. Déanfaidh díoltóir na n-earraí an fhoirm iarratais ar aisíocaíocht cánach a tharraingt suas ar thrí chóip, agus seachadfaidh sé an chéad dá chóip ar an taistealaí agus coinneoidh sé an tríú cóip ina dhoiciméid chuntasaíochta féin.

3. I gcás ina ndeimhneoidh an t-údarás custaim imeacht na n-earraí dá dtagraítear i mír 1(c), baileoidh sé ón taistealaí an dara cóip den fhoirm iarratais ar aisíocaíocht cánach a bhfuil formhuiniú agus stampa uirthi.

4. Tá díolúine ón gcáin faoi réir an choinníll

(a) go bhfuil an chéad chóip den fhoirm iarratais ar aisíocaíocht cánach, ar a bhfuil formhuiniú agus stampa dá dtagraítear i mír 1(c), ina sheilbh nó ina seilbh ag díoltóir na n-earraí, agus

(b) má toibhíodh an cháin tráth sholáthar na n-earraí, aisíocfaidh an díoltóir an cháin leis an taistealaí eachtrach i gcomhréir le míreanna 5 go 8.

5. Féadfaidh an taistealaí eachtrach an aisíocaíocht cánach a iarraidh ar dhíoltóir na n-earraí go pearsanta nó féadfaidh gníomhaire atá ag gníomhú ina ainm agus thar a cheann í a iarraidh. Sa chás go bhfuil an taistealaí ina dhuine eachtrach nó ina duine eachtrach

(a) go ngníomhóidh sé nó sí i bpearsa agus go gceanglófar air nó uirthi a dhoiciméid taistil nó a doiciméid taistil a thíolacadh;

(b) nach ngníomhaíonn i bpearsa, ní mór don duine atá ag gníomhú ina ainm nó ina hainm agus thar a cheann nó thar a ceann cumhacht aturnae i scríbhinn arna tarraingt suas ina ainm nó ina hainm a chur ag gabháil leis.

6. Chun aisíocaíocht a fháil ar an gcáin, déanfaidh an taistealaí eachtrach nó a ghníomhaire

(a) an chéad chóip den fhoirm iarratais ar aisíocaíocht cánach ar a mbeidh formhuiniú agus stampa de réir mhír 1(c) a thabhairt de lámh do dhíoltóir na n-earraí, agus

(b) an chóip bhunaidh den sonrasc lena gcruthaítear soláthar na n-earraí a thíolacadh do dhíoltóir na n-earraí.

7. Tá an cháin a aisíoctar iníoctha leis an taistealaí eachtrach in forints [de chuid na hUngáire] agus ní mór í a íoc in airgead tirim. Mar sin féin, féadfaidh soláthraí na n-earraí agus an taistealaí eachtrach teacht ar chomhaontú maidir le hairgeadra agus modh íocaíochta difriúil.

8. Ní mór do dhíoltóir na n-earraí a chinntiú freisin nach dtugann an sonrasc a fhianaíonn soláthar na n-earraí ceart nua chun aisíocaíocht na cánach a fháil. Chuige sin, ní mór na focail “CBL coigeartaithe” a chur isteach sa sonrasc bunaidh, sula gcuirtear ar ais é [chuig an taistealaí], agus ní mór do dhíoltóir na n-earraí fótachóip a dhéanamh den sonrasc anótáilte dá bhrí sin agus é a choinneáil ina thaifid.

[...]

13. Faoi Airteagal 98(3) de CLI. törvény az adóigazgatási rendtartásról (Dlí CLI maidir le nós imeachta riaracháin i gcúrsaí cánach), 2017 (*Magyar Közlöny* 2017/192), má thairbhíonn an cáiníocóir de dhíolúine ó cháin, ceanglaítear air é sin a chruthú le doiciméad nó ar aon bhealach iomchuí eile.

14. Tá an az általános forgalmi adóról LXXIV. törvény (Dlí Uimh. LXXIV maidir le cáin bhreisluacha) (*Magyar Közlöny* 1992/128), 1992, a bhí i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2007, san áireamh sa liosta soláthairtí earraí agus seirbhísí díolmhaithe, faoi Airteagal 30(1) den dlí sin, arna léamh i gcomhar le hIarscibhinn 2 a ghabhann leis an dlí sin, ‘aisíocaíochtaí cánach arna ndéanamh ag trádálaí le taistealaí eachtrach de bhun foráil speisialta’.

III. Cúlra na díospóide

15. In 2020, rinne an chuideachta Ungárach Határ Diszkont Kft. (‘Határ Diszkont’) earraí éagsúla a dhíol le ceannaitheoirí neamhchónaitheacha san Aontas – go sonrach le ceannaitheoirí a bhfuil cónaí orthu sa tSeirbia – ina stór Tompa, atá lonnaithe san Ungáir gar don teorainn idir an tSeirbia agus an Ungáir. D’onnmhairigh na ceannaitheoirí eachtracha sin na hearraí a ceannaíodh san Ungáir an lá céanna. Marcáladh na sonraisc íocaíochta in airgead tirim le haghaidh na gceannachán sin mar ‘CBL coigeartaithe’.

16. Sa tréimhse tar éis an onnmhairithe, thug Határ Diszkont CBL ar fad ar ais do na ceannaitheoirí sin, CBL a cuireadh san áireamh sa sonrasc agus a d’eisigh an admháil eisíocaíochta ábhartha. Dealraíonn sé, chun aisíocaíocht a fháil ar na méideanna a íocadh mar réamhcháin CBL, go raibh ar an gceannaitheoir neamhchónaitheach filleadh go fisiciúil ar shiopa Határ Diszkont.⁴ Mar chuid de bhainistiú na gcomhad le haghaidh na n-aisíocaíochtaí sin, ghearr Határ Diszkont táillí comhaid ar na custaiméirí eachtracha sin arb ionann iad agus 15 % de CBL a aisíocadh.

17. Is iad seo a leanas na céimeanna a bhaineann le bainistiú na gcomhad: (a) fíorú dhoiciméad taistil bailí an cheannaitheora neamhchónaitheigh tráth an díolacháin; (b) foirm éilimh ar aisíocaíocht cánach agus sonrasc a eisiúint don cheannaitheoir; (c) doiciméad taistil bailí an cheannaitheora agus an fhoirm éilimh ar aisíocaíocht cánach le haghaidh aisíocaíocht CBL a fhíorú; (d) an sonrasc díolacháin a leasú, a chóipeáil agus a chartlannú; (e) aisíoc, in airgead tirim, ar an méid a íocadh mar airleacan CBL leis an gceannaitheoir neamhchónaitheach; (f) admháil eisíocaíochta ón gceannaitheoir a eisiúint agus a shíniú; (g) sonrasc a eisiúint le haghaidh na táille iarratais; (h) admháil ón gceannaitheoir neamhchónaitheach a eisiúint agus a shíniú; (i) muirir atá bunaithe ar airgead tirim a íoc.

18. Ar an lá a aisíocadh na réamhíocaíochtaí CBL, d’eisigh Határ Diszkont sonraisc le haghaidh íocaíocht in airgead tirim i ndáil leis na táillí comhaid sin, agus fianáíodh a n-íocaíocht trí admhálacha a fháil. Ina thuairisceáin CBL, chuir Határ Diszkont fáлтаis na gcostas comhaid sin san áireamh mar luach saothair as sholáthar díolmhaithe.

19. Le linn cigireacht a rinne na húdaráis chánach⁵ don bhliain 2020 chun críocha, *inter alia*, CBL, bhí Határ Diszkont den tuairim gur seirbhís atá díolmhaithe ó CBL iad na gníomhaíochtaí bainistithe cásanna a bhaineann le haisíoc na méideanna a íocadh roimh CBL.

⁴ Dheimhnigh Rialtas na hUngáire é sin ag an éisteacht. Ina theannta sin, faoi Airteagal 99(7) de Dhlí na hUngáire maidir le CBL, ní mór, i bprionsabal, aisíocaíocht méideanna a íocadh mar réamh-CBL a íoc in airgead tirim.

⁵ An Nemzeti Adó- és Vámhivatal Bács-Kiskun Megyei Adó- és Vámigazgatósága (Stiúrthóireacht Chánach agus Chustaim Chontae Bács-Kiskun, faoin Riarachán Náisiúnta Cánach agus Custaim, an Ungáir).

20. Sa chomhthéacs sin, thagair Határ Diszkont d'fhaisnéis ó na húdaráis chánach féin,⁶ mar fhreagra ar cheist a cuireadh go sonrach ina leith sin. Ba léir ón bhfaisnéis sin, ós rud é gurbh iad na costais riaracháin comhthoradh na díolúine, gur ghá iad a mheas mar chostais atá teagmhasach le soláthar na n-earraí agus go raibh orthu, dá bhrí sin, an scéim díolúine CBL is infheidhme maidir leis an bpríomh-idirbheart a roinnt.

21. Le linn an nós imeachta cigireachta, d'áitigh Határ Diszkont freisin gur cheart an soláthar seirbhísí a bhaineann le haisíoc na méideanna a íocadh roimh CBL a bheith díolmhaithe ó cháin faoin bhforáil náisiúnta lena dtrasuitear an díolúine le haghaidh idirbhearta airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 135(1)(d) den Treoir maidir le CBL, agus an fhoráil lena dtrasuitear an díolúine d'idirbhearta a bhaineann le honnmhairiú earraí dá bhforáiltear in Airteagal 146(1)(e) den Treoir sin.⁷

22. Dhiúltaigh na húdaráis chánach d'argóintí Határ Diszkont. Le cinneadh an 22 Iúil 2022, chinn sé go raibh sé faoi dhliteanas i leith riaráistí CBL. Deimhníodh an cinneadh sin le cinneadh an 27 Deireadh Fómhair 2022 ón údarás cánach achomhairc.⁸

23. Thug Határ Diszkont caingean os comhair na cúirte a rinne an tarchur, Szegedi Törvényszék (Cúirt Szeged, an Ungáir), ag iarraidh go gcuirfí an cinneadh deireanach sin ar neamhní.

IV. Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

24. Le cinneadh an 3 Iúil 2023, chinn Szegedi Törvényszék (Cúirt Szeged) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceithre cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais:

- ‘1) An bhfuil sé i gcomhréir le hAirteagal 1(2), Airteagal 2(1)(c), Airteagal 78 agus Airteagal 146(1)(e) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breislucha 1 (‘an Treoir maidir le CBL’) go ndéileálfaidh Ballstát mar sholáthar seirbhísí ar leithligh, seachas soláthar earraí atá díolmhaithe ó cháin, aisíocaíochtaí CBL a riar do thaistealaithe eachtracha, lena n-áirítear na foirmiúlachtaí riaracháin ó eisiúint na bhfoirmeacha caighdeánacha chun iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht CBL go dtí go n-aisíofar an cháin sin, nach mór CBL a ghearradh ina leith agus a íoc de réir na rialacha ginearálta, i gcás ina ndéantar an táille riaracháin, atá combhionann le céatadán de CBL atá le haisíoc, a bhailiú agus a shonrascú ag an am céanna leis an aisíocaíocht CBL, ag trath difriúil ó sholáthar agus sonrascadh na n-earraí agus tar éis don cheannaitheoir an chomaoin as na hearraí a íoc agus a n-imeacht chuig tír nach bhfuil san Aontas Eorpach?
- 2) Má tá freagra dearfach ar an gcéad cheist, an bhfuil sé i gcomhréir le hAirteagal 135(1)(d) den Treoir maidir le CBL do chleachtas Ballstáit faoina meastar nach bhfuil an coimisiún a ghearrtar as riar na haisíocaíochta CBL tar éis soláthar earraí a rinneadh do thaistealaithe eachtracha díolmhaithe ó cháin mar “idirbheart a bhaineann le híocaíochtaí nó le fiacha”?

⁶ Is é Nemzeti Adó- és Vámhivatal Központi Irányítás Ügyfélkapcsolati és Tájékoztatási Főosztálya (an Roinn um Chaidreamh le hÚsáideoirí agus um Fhaisnéis i Stiúrtóireacht Lárnach an Riaracháin Náisiúnta Cánach agus Custaim, an Ungáir) a tharraing suas an fhaisnéis.

⁷ Faoi seach, Airteagal 86(1)(d) agus (e) agus Airteagal 102(1)(b) de Dhlí na hUngáire maidir le CBL.

⁸ Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága (Stiúrtóireacht Achomhairc an Riaracháin Cánach agus Custaim Stáit, an Ungáir).

- 3) Má tá freagra dearfach ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist, an bhfuil sé comhsheasmhach leis an bprionsabal maidir le hionchais dhlisteanacha a chosaint, mar cheann de bhunphrionsabail an chomhchórais CBL, má tá cleachtas Ballstáit ann ar dá réir nach mór d'eisitheoir na sonrasc a bhaineann leis an táille bhainistíochta CBL a íoc go cúlghabhálach freisin, cé go ndearna an t-údarás cánach é a sheiceáil roinnt uaireanta sna blianta roimh an iniúchadh agus, le linn na seiceálacha sin, tar éis scrúdú a dhéanamh, ach gan aon agóid a dhéanamh, ar an gcleachtas a bhí ann ina dhiaidh sin an táille riaracháin a dhíolmhú ó CBL agus nár chuir sé in iúl dó go raibh athrú tagtha ar reachtaíocht an Bhallstáit a bhí i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2007, inar luadh go sainráite, i measc na seirbhísí díolmhaithe, “aisíoc cánach ar thaistealaithe eachtracha a rinne an trádálaí faoi reachtaíocht shonrach”?
- 4) Má tá freagra dearfach ar an gcéad cheist go dtí an tríú ceist, an bhfuil sé comhsheasmhach le hAirteagal 73 agus 78 den Treoir maidir le CBL má tá cleachtas ann ina n-úsáideann údarás cánach Ballstáit an chomaoin atá díolmhaithe ó CBL ar shonraisc arna n-eisiúint i ndáil leis an táille riaracháin mar an tsuim inchánach le haghaidh CBL, agus i gcás nach mór d'eisitheoir na sonrasc, de réir chinneadh an údaráis chánach, CBL a íoc i gcomhréir leis na rialacha ginearálta, cé nach n-áirítear suim den sórt sin sa chomaoin a íocann taistealaithe eachtracha?

25. Sna himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais, chuir Rialtas na hUngáire agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach agus ghlac siad páirt san éisteacht a tionóladh an 17 Deireadh Fómhair 2024.

V. Anailís

A. An chéad cheist le haghaidh réamhrialú

1. Réamhbharúlacha

26. Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 1(2), Airteagal 2(1)(c) agus Airteagal 78 den Treoir maidir le CBL a léiriú sa chaoi gurb ionann gníomhaíocht chun comhaid a bhainistiú a bhaineann le ‘haisíocaíocht CBL’, amhail an ghníomhaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, do cheannaitheoirí atá ina gcónaí lasmuigh den Aontas, maidir le soláthairtí díolmhaithe earraí, agus soláthar neamhspleách agus leithleach seirbhísí ó na soláthairtí earraí sin, agus dá bhrí sin, go bhfuil sí faoi réir CBL. Más amhlaidh an cás, fiafraíonn an chúirt sin an gcaithfear a mheas go bhfuil soláthar seirbhísí den sórt sin díolmhaithe faoi Airteagal 146(1) (e) den Treoir maidir le CBL.

27. Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, sa chás seo, nach bhfuil aon ‘aisíocaíocht’ theicniúil CBL ann. Is comhfhoras é, sa chás seo, go bhfuil díolacháin na soláthairtí earraí atá i gceist a rinne Határ Diszkont le ceannaitheoirí neamhchónaitheacha san Aontas díolmhaithe ó CBL faoi Airteagal 146(1)(b) den Treoir maidir le CBL mar gheall ar onnmhairiú na n-earraí sin. I gcás idirbhearta díolmhaithe, ní gá aon CBL a íoc i leith na n-idirbheart sin. Dá bhrí sin, ní féidir aon ‘aisíocaíocht’ CBL a bheith ann ach oiread.

28. Sa chás seo, tráth cheannach na n-earraí, íocann ceannaitheoirí neamhchónaitheacha ollphraghas iomlán (‘an t-ollphraghas’) le Határ Diszkont, lena n-áirítear an méid CBL a bheadh dlite i gcás nach gcuirfí an díolúine atá i gceist chun feidhme toisc nach n-onnmhairítear na

hearraí ar deireadh nó toisc nach soláthraíonn an ceannaitheoir an doiciméadacht is gá chun a léiriú go gcomhlíontar na coinníollacha substainteacha maidir le díolúine. Sna himthosca sin, is ionann na híocaíochtaí a dhéanann Határ Diszkont le ceannaitheoirí neamhchónaitheacha agus aisíocaíochtaí méideanna a airleacadh suas go dtí an méid a d'fhéadfadh a bheith dlite trí CBL ('na méideanna a íoctar mar réamhcháin CBL'). Dá bhrí sin, ní 'aisíocaíochtaí' CBL iad.

29. Ní eascraíonn, i mo thuairimse, soláthar sonracha atá inchánach agus faoi réir CBL as an soiléiriú sin, a mhéid nach bhfuil ann ach cur chun feidhme na díolúine atá i gceist, gníomhaíocht bainistithe cásanna chun méideanna a íocadh roimh CBL a aisíoc, amhail an méid atá i gceist sna príomhimeachtaí (féach Roinn 2); mar mhalairt air sin, dá measfaí go bhfuil soláthar inchánach ann go deimhin sa chás seo, bheadh sé, in aon chás, ina sholáthar coimhdeach nach bhfuil neamhspleách ar an bpríomhsholáthar, eadhon soláthar na n-earraí díolmhaithe, dá roinneadh sé an scéim díolúine ina leith (féach Roinn 3). Ar deireadh, in aon chás, níl an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 146(1)(e) den Treoir maidir le CBL ábhartha sa chás seo (féach Roinn 4).

2. *Easpa soláthar incháinithe*

30. Faoi Airteagal 2(1)(c) den Treoir maidir le CBL, tá soláthar seirbhísí ar chomaoin laistigh de chríoch Bhallstáit ag duine inchánach ag gníomhú sa cháil sin le bheith faoi réir CBL.

31. Glactar leis le hidirbhearta inchánach gurb ann d'idirbheart idir na páirtithe ina bhfuil coinníoll maidir le praghas nó comaoin. Dá bhrí sin, níl soláthar seirbhísí inchánach ach amháin má tá caidreamh dlíthiúil idir soláthraí na seirbhíse agus an faighteoir a bhfuil feidhmíocht chómhalartach ann lena linn, arb ionann an luach saothair a fhaigheann soláthraí na seirbhíse agus an luach a thugtar iarbhir i gcomaoin na seirbhíse a sholáthraítear don faighteoir.⁹

32. Dá bhrí sin, ní hionann gníomhaíochtaí bainistithe cásanna chun méideanna a íocadh roimh CBL a aisíoc agus soláthar inchánach sonracha ach amháin más féidir caidreamh dlíthiúil den sórt sin a shainaithint, as a n-eascraíonn malartú feidhmíochta cómhalartaí.

33. Sa chás seo, déanann ceannaitheoirí neamhchónaitheacha san Aontas ceannacháin earraí atá díolmhaithe ó CBL faoi Airteagal 146(1)(b) den Treoir maidir le CBL ó Határ Diszkont. Mar sin féin, chun go dtairbheoidh na hidirbhearta sin den díolúine sin, ní mór do Határ Diszkont, mar dhuine inchánach, cruthúnas a sholáthar do na húdaráis chánach go gcomhlíontar ceanglais shubstainteacha na díolúine sin.¹⁰ Mura gcomhlíontar ceanglas foirmiúil, d'fhéadfadh sé go ndiúltófaí d'fhíoraíocht dhíolúine ó CBL má chuireann an sárú sin cosc ar fhianaise dhochloíte a thabhairt ar aird gur comhlíonadh na ceanglais shubstainteacha.¹¹

34. Chun an cruthúnas sin a sholáthar do na húdaráis chánach, ní mór na doiciméid uile is gá a bheith ag Határ Diszkont chun a chur ar a chumas a léiriú gur idirbhearta díolmhaithe iad. Ní mór don doiciméadacht sin, nach mór don cheannaitheoir a sholáthar go bunúsach, a chruthú, *inter alia*, gur onnmhairíodh na hearraí a ceannaíodh iarbhir. Dá bhrí sin, ní féidir é a chur ar fáil tráth a cheannaítear na hearraí, ach amháin tar éis onnmhairiú na n-earraí a bheith déanta iarbhir. Tá sé sin soiléir freisin ó Airteagal 99 de Dhlí na hUngáire maidir le CBL.

⁹ Féach, *inter alia*, breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2023, *GIS* (C-249/22, EU:C:2023:813, míreanna 32 agus 33 agus an cásdlí dá dtagraítear); féach freisin breithiúnas an 4 Iúil 2024, *Credidam* (C-179/23, EU:C:2024:571, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

¹⁰ Thairis sin, foráiltear dó sin go sainráite i ndlí na hUngáire in Airteagal 98(3) de Dhlí Uimh. CLI ó 2017.

¹¹ Féach, *inter alia*, breithiúnas an 29 Feabhra 2024, *B2 Energy* (C-676/22, EU:C:2024:186, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

35. Chun bheith in ann a chruthú go gcomhlíontar coinníollacha substainteacha na díolúine,¹² ní mór do Határ Diszkont, dá bhrí sin, an doiciméadacht uile a bhaineann le cur chun feidhme na díolúine a fháil, a bhainistiú agus a rialú. Ina theannta sin, iompraíonn sé na rioscaí a bhaineann le hearráidí a d'fhéadfadh a bheith ann nó aon chineál eile faidhbe a bhaineann leis an doiciméadacht sin.

36. Sa chomhthéacs sin, mar is léir ó mhír 17 den Tuairim seo, ní mór do Határ Diszkont sraith cúraimí riaracháin a dhéanamh, ó cheist na foirme iarratais ar aisíocaíocht cánach go haisíoc na méideanna comhfhreagracha, a luaithe a bheidh na doiciméid go léir aige lena gcruthaítear go gcomhlíontar na coinníollacha substainteacha maidir le díolúine.

37. Déantar na gníomhaíochtaí sin go léir, a bhfuil costais ag baint leo gan amhras, a thabhairt chun críche chun a áirithiú go gcuirfear an díolúine chun feidhme maidir le soláthairtí earraí a onnmhairítear agus ní cosúil gur léiriú iad ar sholáthar sonrach neamhspleách seirbhísí.

38. Is é cuspóir eacnamaíoch na n-idirbheart ceannaigh a dhéanann ceannaitheoirí neamhchónaitheacha san Aontas earraí atá díolmhaithe ó CBL a fháil chun críche onnmhairithe. Mar sin féin, gan na gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú na gcomhad thuasluaite a dhéanamh, ní fhéadfaí na hidirbhearta sin a dhíolmhú ó CBL agus gan díolúine ní dhéanfaí na héadálacha iarbhrí, mar a luaitear go sainráite san ordú tarchuir.¹³ Dá bhrí sin, is gné fhíor-riachtanach é cur chun feidhme na díolúine chun cuspóir eacnamaíoch na n-idirbheart éadála a bhaint amach.

39. Dá bhrí sin, ó thaobh na críche eacnamaíche de, is cosúil go bhfuil na gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú na gcomhad atá i gceist doscartha ó na hoibríochtaí sin agus fíor-riachtanach dá gcur chun feidhme.

40. Sna himthosca sin, dá ndéanfaí miondealú ar an ngníomhaíocht a bhaineann le bainistiú na gcomhad le haghaidh aisíoc na méideanna a íocadh trí réamhcháin CBL mar gheall ar dhíolúine soláthairtí, is rud saorga a bheadh ann, i mo thuairimse.¹⁴ I bhfianaise na n-imthosca uile ina ndéantar na hidirbhearta sin, is idirbheart é arb é atá ann soláthar aonair ó thaobh na heacnamaíochta de nár cheart a dheighilt go saorga ionas nach n-athrófar feidhmiúlacht an chórais CBL.¹⁵

41. Sa chomhthéacs sin, faoi réir chinntí fíorais na cúirte a rinne an tarchur, níl sna méideanna a fhaightear trí tháillí cúirte ach méadú ar phraghas díola na n-earraí, arna nglacadh ag ceannaitheoirí neamhchónaitheacha, chun na costais ina dhiaidh sin a thabhaítear mar thoradh ar chur chun feidhme na díolúine a bhaineann leis na hearraí a fháil a chumhdach. Dá bhrí sin, mar shampla, más é 27 % an ráta CBL a chuirtear i bhfeidhm agus más é 127 (100 praghas na n-earraí + 27 mar mhéideanna arna n-íoc roimh CBL) an t-ollphraghas chun mír atá le honnmhairiú a cheannach, má chuirtear an díolúine chun feidhme, is é 104.05 an (glan)phraghas a bheidh ann i ndeireadh na dála chun na hearraí a cheannach.¹⁶

¹² Maidir leis na coinníollacha cistí nach mór a chomhlíonadh chun go mbeidh an díolúine sin infheidhme, féach breithiúnas an 17 Nollaig 2020, BAKATI PLUS (C-656/19, EU:C:2020:1045, mír 55 et seq.).

¹³ Féach an dara mír den chuid dar teideal 'An phríomhghníomhaíocht', ar lgh. 8 agus 9 den aistriúchán Fraincise ar an iarraidh ar réamhráil.

¹⁴ Féach, *inter alia*, breithiúnas an 18 Aibreán 2024, *Companhia União de Crédito Popular* (C-89/23, EU:C:2024:333, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear). Féach freisin mo Thuairim i gcás *Frenetikexito* (C-581/19, EU:C:2020:855, míreanna 16 et seq., le tuilleadh tagairtí don chásdlí).

¹⁵ Féach, *inter alia*, breithiúnas an 18 Aibreán 2024, *Companhia União de Crédito Popular* (C-89/23, EU:C:2024:333, mír 35).

¹⁶ Is ionann 15 % de 27 agus 4.05.

42. Ina theannta sin, mar a thugann an chúirt a rinne an tarchur le fios, léirigh Határ Diszkont faisnéis sa siopa maidir le costais an cháis agus chuir sé ceannaitheoirí neamhchónaitheacha ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Dá bhrí sin, agus na hearraí á gceannach acu lena n-onnmhairiú, bhí siad go hiomlán ar an eolas faoi na costais sin agus gan amhras bhí orthu iad a chur san áireamh ina gcinneadh na hearraí a bhí beartaithe lena n-onnmhairiú a cheannach. Dá bhrí sin, b'éigean do na ceannaitheoirí sin glacadh, go hintuigthe ar a laghad, leis na coinníollacha sin nuair a tugadh an Conradh chun na hearraí atá i gceist a dhíol i gcrích. Deimhnítear na breithnithe sin sa tuairisc ar an gcaidreamh conarthach idir Határ Diszkont agus ceannaitheoirí neamhchónaitheacha san Aontas san iarraidh ar réamhrialú.¹⁷

43. Is léir freisin ón ordú tarchuir go maíonn Határ Diszkont, gan bheith contrártha dó, gur ríomhadh méid na gcostas cáschomhad, eadhon 15 % de na méideanna a íocadh mar réamh-CBL a aisíocadh ina dhiaidh sin, ar bhonn na gcostas a tabhaíodh. Dá bhrí sin, seachas a bheith ina luach saothair arb ionann é agus luach iarbhir seirbhíse a sholáthraítear d'fhaighteoir as a n-eascaíonn ioncam a eascraíonn as gníomhaíocht eacnamaíoch atá difriúil leis an ioncam a bhaineann le soláthairtí díolmhaithe earraí, is é feidhm bhunúsach na méideanna a fhaightear mar tháillí riaracháin na costais ina dhiaidh sin atá le híoc ag Határ Diszkont a eascraíonn as cur chun feidhme na díolúine a bhaineann le soláthar na n-earraí atá i gceist a chumhdach.

44. Thairis sin, de réir cásdlí socraithe, i réimse CBL, gníomhaíonn soláthróirí mar bhailitheoirí cánach thar ceann an Stáit agus ar mhaithe leis an Státchiste. Tá na soláthróirí sin faoi dhliteanas CBL a íoc cé gurb é an tomhaltóir deiridh a íocann an CBL sin ar deireadh, mar cháin ar thomhaltas.¹⁸ Mar sin féin, bheadh sé ag teacht salach ar a laghad ar an gcóras dá ndéanfaí CBL a ghearradh ar tháillí Határ Diszkont don ghníomhaíocht bhailiúcháin sin thar ceann an Stáit – lena ráthaítear cur i bhfeidhm na díolúine tríd an bpraghas a laghdú ó 127 go 104.05.

45. Maidir leis an bhfíoras a chuirtear i dtábhacht i gcinneadh an údaráis cánach nach dtagann díol na n-earraí onnmhairithe agus na gníomhaíochtaí bainistithe cásanna le chéile in am,¹⁹ tugaim faoi deara nach dtarlaíonn athrú ar phraghas soláthair riamh ag an am céanna leis an díol nó an soláthar ach go dtarlaíonn sé i gcónaí tar éis an díola nó an tsoláthair sin. Sa chás seo, is ceist í seo a bhaineann le héagsúlacht praghsanna sa deireadh. Más mian le ceannaitheoirí neamhchónaitheacha an ceannach díolmhaithe sin a dhéanamh ar na hearraí ón siopa Határ, bhí orthu glacadh le hathrú praghsanna ina dhiaidh sin agus an díolúine á cur i bhfeidhm acu. I gcás nach n-aontódh siad, ba chóir dóibh dul chuig siopa eile.

46. Mar fhocal scoir, leanann sé ó na breithnithe go léir roimhe seo, sa chás seo, nach n-eascaíonn, i mo thuairimse, soláthar sonrach agus neamhspleách seirbhísí a bheadh inchánach faoi Airteagal 2(1)(c) den Treoir maidir le CBL as na gníomhaíochtaí bainistithe cásanna chun na méideanna a íocadh roimh CBL a aisíoc chun críocha dhíolúine na soláthairtí earraí atá i gceist.

¹⁷ Féach an tríú mír den roinn dar teideal 'Le recours au principal', lch. 9 den aistriúchán Fraincise ar an iarraidh ar réamhrialú.

¹⁸ Breithiúnas an 20 Deireadh Fómhair 1993, *Balocchi*, (C-10/92, EU:C:1993:846, mír 25), agus an 21 Feabhra 2008, *Netto Supermarkt* (C-271/06, EU:C:2008:105, mír 21).

¹⁹ Féach an ceathrú mír den roinn dar teideal 'Décision de l'autorité fiscale de premier degré', ar lch. 6 den leagan Fraincise den iarraidh ar réamhrialú.

3. Mar mhalairt air sin, cineál seirbhíse coimhdí nach bhfuil neamhspleách

47. Dá mbreithneodh an Chúirt Bhreithiúnais go n-eascródh soláthar neamhspleách seirbhísí as na gníomhaíochtaí bainistithe cásanna chun na méideanna arna n-íoc roimh CBL a aisíoc, is é mo thuairim, i gcás ar bith, gur soláthar coimhdeach a bheadh ann nach mbeadh neamhspleách ar an bpríomhsholáthar, eadhon soláthar díolmhaithe earraí, a ndéileálfadh sí leis ó thaobh cánach de dá bhrí sin, eadhon an scéim díolúine.

48. Ina cásdlí socair, glacann an Chúirt Bhreithiúnais leis, chun críocha CBL, nach mór, mar riail ghinearálta, gach soláthar a mheas mar sholáthar ar leith agus neamhspleách. Mar sin féin, níl prionsabal neamhspleáchais gach sochair absalóidigh. De réir an chásdlí, is féidir maolú ar an bprionsabal sin i gcás nach bhfuil sa soláthar ach soláthar coimhdeach, nach bhfuil neamhspleách, do phríomhsholáthar.²⁰

49. Dá bhrí sin, in imthosca áirithe, ní mór roinnt soláthairtí atá leithleach go foirmiúil, a d'fhéadfaí a sholáthar ina n-aonar agus, dá bhrí sin, as a n-eascraíonn, ar leithligh, cánachas nó díolúine, a mheas mar idirbheart aonair i gcás nach bhfuil siad neamhspleách. Is é sin an cás ina bhfuil, *inter alia*, eilimint amháin nó níos mó le meas mar an príomhsholáthar, agus go bhfuil eilimintí eile le meas, os a choinne sin, mar sholáthar coimhdeach amháin nó níos mó a chomhroinneann an chóireáil cánach ar an bpríomhsholáthar.²¹

50. Ina cásdlí, d'fhorbair an Chúirt Bhreithiúnais comharthaí áirithe chun a chinneadh gurb ann do sheirbhís choimhdeach nach bhfuil neamhspleách.

51. Ar an gcéad dul síos, is iondúil nach mbíonn aon leas eacnamaíoch neamhspleách ag faighteoir na príomhsheirbhíse i seirbhísí coimhdeacha nach bhfuil neamhspleách. Ó thaobh na heacnamaíochta de, tá feidhm choimhdeach amháin acu, sa mhéid is nach bhfónann siad ach chun an phríomhsheirbhís a chomhlánú agus a fhorlíonadh agus dá bhrí sin oibríonn siad de ghnáth ina dhiaidh sin.²² Ó thaobh an ghnáth-thomhaltóra de, ní féidir a gcuspóir eacnamaíoch a bhaint amach ach amháin in éineacht leis an bpríomhsheirbhís. Dá bhrí sin, ní mór a mheas go bhfuil soláthar coimhdeach le príomhsholáthar i gcás nach ionann é agus críoch ann féin do chustaiméirí ach gur bealach é chun tairbhe níos fearr a bhaint as an bpríomhsheirbhís.²³

52. Comhlíontar an critéar sin sa chás seo. Mar is léir ó mhíreanna 38 agus 39 den Tuairim seo, tá leas eacnamaíoch ag ceannaitheoirí neamhchónaitheacha san Aontas i ngníomhaíochtaí bainistithe cásanna in aisíoc méideanna arna n-íoc roimh CBL nach bhfuil neamhspleách ar an bpríomhsholáthar, arb é atá ann soláthar earraí lena n-onnmhairiú atá díolmhaithe ó CBL. Braitheann an díolúine, agus dá bhrí sin cur i gcrích na ngníomhaíochtaí atá beartaithe chun an díolúine sin a chur chun feidhme, go díreach ar na soláthairtí sin. Gan soláthar, agus dá bhrí sin gan díolúine, ní bhainisteofaí na comhaid sin agus *vice versa*. Dá bhrí sin, tá leasanna eacnamaíocha i seachadtaí agus i ngníomhaíochtaí bainistithe cásanna idirspleách ar a chéile.

²⁰ Féach, go háirithe, breithiúnas an 18 Aibreán 2024, *Companhia União de Crédito Popular* (C-89/23, EU:C:2024:333, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear). Féach freisin mo Thuairim i gcás *Frenetikexito* (C-581/19, EU:C:2020:855, míreanna 16 et seq., le tuilleadh tagairtí don chásdlí).

²¹ Féach, *inter alia*, breithiúnas an 18 Aibreán 2024, *Companhia União de Crédito Popular* (C-89/23, EU:C:2024:333, míreanna 36 agus 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

²² Féach, chuige sin, mo Thuairim in *Frenetikexito* (C-581/19, EU:C:2020:855, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

²³ Féach, *inter alia*, breithiúnas an 4 Bealtaine 2023, *Finanzamt X (Uirlisí agus meaisíní seasta go buan)* (C-516/21, EU:C:2023:372, mír 30 agus an cásdlí dá dtagraítear), agus an 18 Aibreán 2024, *Companhia União de Crédito Popular* (C-89/23, EU:C:2024:333, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

53. Ar an dara dul síos, measann an Chúirt Bhreithiúnais luach na bpríomhsheirbhísí agus na seirbhísí coimhdeacha faoi seach, a mbíonn luach diomaibhseach acu de ghnáth i ndáil leis an gcéad cheann.²⁴

54. Sa chás seo, is ionann an méid a ghearrann Határ Diszkont i leith na gcostas cáschomhad agus 15 % de na méideanna a íoctar mar réamhcháin CBL, atá, mar is léir ón ordú tarchuir, socraithe ag ráta 27 %. Dá bhrí sin, is ionann luach an tsoláthair (más ann dó) arb é atá ann bainistiú a dhéanamh ar na comhaid chun na méideanna sin a aisíoc agus 4.05 % de phraghas na soláthairtí agus féadfar a mheas gur luach imeallach é i ndáil le luach na príomhsheirbhíse.

55. Féadfaí an fíoras, a chuir an Coimisiún i dtábhacht ina bharúlacha, an t-iarratas ar aisíocaíocht na méideanna arna n-íoc mar réamh-CBL a chur faoi bhráid gníomhaire a bhfuil sé de chúram air na comhaid a bhainistiú agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh tríú páirtí atá neamhspleách ar an oibreoir eacnamaíoch a sholáthair na hearraí an soláthar a dhéanamh freisin, ní bhaineann sé le hábhar. Is léir ón gcásdlí nach gcuirtear bac ar sholáthar coimhdeach nach bhfuil neamhspleách a bheith ann toisc go bhféadfadh tríú páirtí an soláthar coimhdeach nach bhfuil neamhspleách a sholáthar go teoiriciúil freisin.²⁵ Ina theannta sin, is é an t-oibreoir eacnamaíoch céanna a sholáthraíonn an phríomhsheirbhís a sholáthraíonn an soláthar coimhdeach nach bhfuil neamhspleách i gcónaí. Is gné dhílis é sin de chineál coimhdeach na seirbhíse atá i gceist. Dá mba rud é gur sholáthair tríú páirtí an soláthar céanna mar sholáthar neamhspleách agus dá bhrí sin nach soláthar coimhdeach é, bheadh sé incháinithe ansin. Mar shampla, áirítear na nithe seo a leanas ar na costais iompair: má iompraíonn an díoltóir féin na hearraí (e.g. leabhar) is soláthar coimhdeach é (incháinithe de réir an ráta laghdaithe); ar an taobh eile, má iarrann an ceannaitheoir ar thríú páirtí an t-earra a iompar (an leabhar), beidh sé ina sheirbhís neamhspleách (incháinithe ag an ráta caighdeánach).

56. Ar deireadh, tá sé beartaithe go gcomhlíonfaidh an díolúine is infheidhme maidir le soláthairtí earraí, eadhon an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 146(1)(b) den Treoir maidir le CBL, i gcomhthéacs na trádála idirnáisiúnta, an prionsabal go ngearrtar cáin ar na hearraí lena mbaineann ag a gceann scríbe agus, dá bhrí sin, go náiritheofar go ngearrfar cáin ar an idirbheart atá i gceist go heisiach ag an áit ina n-ídítear na hearraí lena mbaineann.²⁶ Ós rud é gur cáin ar thomhaltas é CBL, a ngearrtar i gcríoch chánach na hUngáire, ach go n-ídítear na hearraí a onnmhairítear lasmuigh den chríoch sin, níor cheart CBL a thobhach ar sholáthairtí na n-earraí sin. Seachnaítear leis sin cánachas dubailte²⁷ (de ghnáth cuireann an Stát eile cáin ar allmhairiú na n-earraí) agus ní bhíonn earraí a tháirgtear agus a onnmhairítear lasmuigh den Aontas faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht mar thoradh ar chánachas dubailte den sórt sin.

57. Mar sin féin, bheadh léiriú ar an Treoir maidir le CBL a d'fhágfadh go bhféadfaí féachaint air mar sholáthairtí inchánach le haghaidh aisíocaíocht na méideanna a íocadh roimh CBL de bhun na díolúine thuasluaite bunoscionn leis na cuspóirí sin. Trí CBL a ghearradh ar sholáthar coimhdeach, rud atá riachtanach chun aisíocaíocht ar na méideanna sin a fháil de bhun na díolúine sin, chuirfeadh sé neodracht fhioscach na n-onnmhairí i mbaol.

²⁴ Féach, chuige sin, mo Thuairim in *Frenetikexito* (C-581/19, EU:C:2020:855, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

²⁵ Féach, chuige sin, mo Thuairim in *Frenetikexito* (C-581/19, EU:C:2020:855, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

²⁶ Breithiúnas an 17 Deireadh Fómhair 2019, *Unitel* (C-653/18, EU:C:2019:876, mír 20), agus an 17 Nollaig 2020, *BAKATI PLUS* (C-656/19, EU:C:2020:1045, mír 50).

²⁷ Tuairim ón Abhcóide Ginearálta Campos Sánchez-Bordona i gCás *BAKATI PLUS* (C-656/19, EU:C:2020:599, mír 66 agus an cásdlí dá dtagraítear).

4. An díolúine faoi Airteagal 146(1)(e) den Treoir maidir le CBL

58. Mar mhalairt air sin, tugaim aghaidh ar an gceist maidir le cur i bhfeidhm na díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 146(1)(e) den Treoir maidir le CBL, dá dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur.

59. Le hAirteagal 146(1)(e) den Treoir maidir le CBL, atá i gCaibidil 6 de Theideal IX den Treoir sin, ceanglaítear ar na Ballstáit ‘soláthar seirbhísí, lena n-áirítear idirbhearta iompair agus coimhdeacha, cé is moite de sholáthar seirbhísí atá díolmhaithe i gcomhréir le hAirteagail 132 agus 135, i gcás ina bhfuil siad nasctha go díreach le honnmhairiú nó allmhairiú earraí a chumhdaítear le forálacha Airteagal 61 agus Airteagal 157(1)(a) den Treoir sin a dhíolmhú ó CBL’.

60. Leanann sé óna fhoclaíocht, cé is moite de dhíolúintí a bhaineann le gníomhaíochtaí ar mhaithe le leas an phobail, dá dtagraítear in Airteagal 132 den Treoir maidir le CBL, agus iad siúd le haghaidh réimse gníomhaíochtaí éagsúla a thagann faoi Airteagal 135 den Treoir sin, go ndíolmhaítear leis an bhforáil atá i gceist soláthairtí seirbhísí, lena n-áirítear iompar agus idirbhearta coimhdeacha atá nasctha go díreach le honnmhairiú nó allmhairiú earraí, *a thagann faoi Airteagal 61 nó Airteagal 157(1)(a) den Treoir maidir le CBL*.

61. Is iad na hearraí dá dtagraítear in Airteagal 61 den Treoir maidir le CBL na hearraí sin nach bhfuil i saorchúrsaíocht ach a chuirtear i stóras custaim nó a leithéid,²⁸ nó atá i saorchúrsaíocht ach a chumhdaítear le nós imeachta idirthurais inmheánach an Aontais, nó atá faoi réir an nós imeachta um chead isteach sealadach lena ngabhann faoiseamh iomlán ó dhleachtanna ar allmhairí, nó atá faoi réir an nós imeachta idirthurais sheachtraigh. Baineann Airteagal 157(1)(a) den Treoir sin le hearraí a bheartaítear a chur i stóras seachas stórais chustaim nó a leithéid.

62. Ní mór a lua nach bhfuil aon rud sa chomhad lena thaispeáint go bhfuil na hearraí a onnmhairítear sa chás seo i gceann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 146(1)(e) den Treoir maidir le CBL. Dá bhrí sin, níl feidhm ag an bhforáil sin sa chás seo.²⁹

5. Conclúid idirlinne

63. Mar fhocal scoir, molaim gur cheart an freagra ar an gcéad cheist a tharchuirtear chun réamhrialú a thabhairt mar seo a leanas. Ní mór Airteagal 1(2) agus Airteagal 2(1)(c) den Treoir maidir le CBL a léiriú sa chaoi nach n-eascraíonn soláthar sonrach neamhspleách seirbhísí as na gníomhaíochtaí bainistithe cásanna a dhéanann an díoltóir chun méideanna arna n-íoc roimh CBL ag ceannaitheoirí neamhchónaitheacha san Aontas a aisíoc i gcomhthéacs idirbheart, atá díolmhaithe ó CBL, a bhaineann le soláthairtí earraí arna n-onnmhairiú acu ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, níl na gníomhaíochtaí sin inchánach faoin Treoir sin ós rud é nach bhfuil iontu ach cur chun feidhme na díolúine agus nach léiriú iad ar fheidhmiú gníomhaíochta eacnamaíche sonraí atá difriúil ón ngníomhaíocht a bhaineann le soláthar earraí.

²⁸ Déantar tagairt shainráite in Airteagal 61 den Treoir sin d’Airteagal 156 den Treoir sin.

²⁹ I ndáil leis sin, tugaim faoi deara gur bhain breithiúnas an 8 Samhain 2018, *Cartrans Spedition* (C-495/17, EU:C:2018:887), dá dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur san ordú tarchuir, le hearraí faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh (féach míreanna 8, 24, 51 agus 61 den bhreithiúnas sin).

B. An dara, an tríú agus an ceathrú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

64. I bhfianaise an fhreagra a mholaim a thabhairt ar an gcéad cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú, ní gá freagra a thabhairt ar an dara, an tríú agus an ceathrú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú. Mar sin féin, leagfaidh mé amach go hachomair thíos, mar mhalairt air sin, mo bhreithnithe ar na ceisteanna sin.

1. Ar an dara ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

65. Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, i gcás inar soláthar inchánach seirbhís iad na gníomhaíochtaí bainistithe cásanna atá i gceist, an measfar soláthar den sórt sin a bheith díolmhaithe faoi Airteagal 135(1)(d) den Treoir maidir le CBL.

66. Faoin bhforáil sin, ní mór do na Ballstáit idirbhearta a dhíolmhú a bhaineann, *inter alia*, le ‘taiscí cistí, cuntais reatha, íocaíochtaí, aistrithe, fiacha, seiceanna agus ionstraimí soshanta eile’.

67. Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le hinfheidhmeacht na forála sin a mhéid atá éileamh in airgead tirim ag ceannaitheoirí neamhchónaitheacha san Aontas a fuair soláthar na n-earraí i gcoinne Határ Diszkont, faoin dlí, chun na méideanna a íocadh mar réamh-CBL a aisíoc agus go bhfuil na costais cháschomhad nasctha leis an éileamh sin.

68. Sa chás seo, áfach, níor tharla aon idirbheart airgeadais a thabharfadh údar le cur i bhfeidhm na forála atá i gceist.³⁰ Go háirithe, níor dheonaigh Határ Diszkont aon chreidmheas do cheannaitheoirí neamhchónaitheacha. Níor choinnigh sé ach na méideanna atá coibhéiseach leis an CBL a bhaineann leis na ceannacháin atá i gceist a bheadh air a íoc leis an Státchiste mura gcuirfí an díolúine chun feidhme, agus sin, go dtí go gcuirfear doiciméadacht isteach ó cheannaitheoirí neamhchónaitheacha chun a chruthú gur comhlíonadh coinníollacha substainteacha na díolúine iarbhír. A luaithe a soláthraíodh an doiciméadacht ábhartha, toisc gur soiléiríodh nach raibh CBL dlite do na hidirbhearta sin mar gheall ar chur chun feidhme na díolúine, chuir sé an méid comhfhreagrach ar ais chuig an gceannaitheoir neamhchónaitheach.

69. Dá bhrí sin, in aon chás, níl an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 135(1)(d) den Treoir maidir le CBL infheidhme sa chás seo.

2. An tríú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

70. Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach – agus sa chás go dtugtar freagra diúltach ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist – an gcuirtear cosc leis an bprionsabal maidir le hionchais dhlisteanacha a chosaint ar na húdaráis chánach idirbhearta áirithe a bhaineann le tréimhse ama a chur faoi réir CBL i dtrí chás: ar an gcéad dul síos, sa chás ina ndearna an riarachán sin tuairisceáin CBL an duine inchánach a sheiceáil agus a ghlacadh ar feadh roinnt blianta gan agóid a dhéanamh i gcoinne aicmiú na n-idirbheart sin mar ‘idirbhearta atá díolmhaithe ó CBL’ le linn roinnt cigireachtaí cánach; ar an dara dul síos, mura bhfuil an duine inchánach curtha ar an eolas aige faoin athrú ar an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm lena liostaítear, ina leagan roimhe seo, na hidirbhearta sin go sainráite mar sholáthairtí díolmhaithe seirbhísí; agus ar an tríú dul síos, tagraíonn an cinneadh tarchuir don fhíoras gur iarr Határ Diszkont tuairim ó na húdaráis chánach le linn na cigireachta cánach 2020 atá i

³⁰ Féach, ina leith sin, breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Franck* (C-801/19, EU:C:2020:1049, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

gceist.³¹ Fuair Határ Diszkont freagra go raibh na costais a bhaineann le bainistiú na gcomhad atá i gceist le meas mar chostais a bhaineann le soláthar earraí atá díolmhaithe ó CBL agus, dá réir sin, gur chomhroinn siad toradh an phríomh-idirbhearta maidir leis an scéim díolúine ó CBL.

71. De réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, tá prionsabal chosaint an ionchais dhlísteanaigh ar cheann de bhunphrionsabail an Aontais.³² Tá sé ráite ag an gCúirt go síneann an prionsabal sin chuig aon duine ar thug údarás riaracháin air ionchais réasúnacha a ghlacadh mar thoradh ar dhearbhuithé beachta a tugadh dó.³³ Glactar leis sa phrionsabal sin go n-eascaíonn ionchais réasúnacha agus dhlísteanaigh as gníomhartha na n-údarás riaracháin in intinn oibreoir eacnamaíoch stuama agus faichilleach.³⁴

72. Ar an gcéad dul síos, tá ceist ann maidir le comhréireacht leis an bprionsabal a bhaineann le hionchais dhlísteanaigh a chosaint maidir leis an easpa dúshláin, le linn roinnt cigireachtaí cánach, a bhaineann le haicmiú na ngníomhaíochtaí bainistithe cásanna mar ‘ghníomhaíochtaí atá díolmhaithe ó CBL’ chun méideanna arna n-íoc trí réamh-CBL a aisíoc.

73. Is léir ón gcásdlí nach ionann glacadh, fiú ar feadh roinnt blianta, ag na húdaráis chánach náisiúnta leis na tuairisceáin CBL, nach raibh méideanna a bhaineann le hidirbhearta áirithe san áireamh iontu, agus dearbhú beacht a thug an riarachán sin nach gcuirfear CBL i bhfeidhm ar na hidirbhearta sin agus nach féidir, dá bhrí sin, ionchas dlisteanach a chruthú ina leith sin.³⁵ Ar an gcaoi chéanna, ní leor glacadh le tuairisceáin CBL duine inchánach ar feadh roinnt blianta gan agóid a dhéanamh i gcoinne aicmiú na n-idirbheart sin mar ‘idirbhearta atá díolmhaithe ó CBL’ le linn cigireachtaí cánach, i mo thuairimse, i bprionsabal, mar dhearbhuithé beacht. Dá bhrí sin, ní féidir le glacadh den sórt sin amháin ionchas dlisteanach a chruthú ó thrádálaí atá stuama agus faichilleach de ghnáth go mbeidh na hidirbhearta sin díolmhaithe.³⁶

74. Mar sin féin, sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir go ‘léirítear go soiléir’ i miontuairiscí na gcigireachtaí cánach ‘gur mheas na húdaráis chánach ar feadh na mblianta go raibh sonraisc atá díolmhaithe ó CBL á n-eisiúint go dleathach ag [Határ Diszkont] don roinn bainistithe cásanna’. Mar sin féin, ní sholáthraíonn an chúirt a rinne an tarchur aon sonraí breise ina leith sin. Dá bhrí sin, is faoin gcúirt sin a bheadh sé a fháil amach an raibh ‘dearbhuithé beachta’ sna miontuairiscí sin faoin gcásdlí thuasluaite ón gCúirt Bhreithiúnais maidir le cóireáil cánach na roinne bainistithe cásanna atá i gceist, dá nglacfaí le seirbhís den sórt sin – *quod non* – sa chás seo.³⁷

³¹ Féach mír 20 den Tuairim seo.

³² Breithiúnas an 7 Meitheamh 2005, *VEMW agus páirtithe eile* (C-17/03, EU:C:2005:362, mír 73 agus an cásdlí dá dtagraítear), agus an 14 Márta 2013, *Agrargenossenschaft Neuzelle* (C-545/11, EU:C:2013:169, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

³³ Féach, go háirithe, breithiúnas an 15 Aibreán 2021, *Administration de l'Enregistrement, des Domaines et de la TVA* (C-846/19, EU:C:2021:277, mír 90 agus an cásdlí dá dtagraítear).

³⁴ Féach, ina leith sin, mo Thuairim i gCás *BALTIC CONTAINER TERMINAL* (C-376/23, EU:C:2024:616, mír 68 agus an cásdlí dá dtagraítear).

³⁵ Breithiúnas an 15 Aibreán 2021, *Administration de l'Enregistrement, des Domaines et de la TVA* (C-846/19, EU:C:2021:277, mír 92 agus an cásdlí dá dtagraítear).

³⁶ Féach freisin, chuige sin, breithiúnas an 9 Iúil 2015, *Cabinet Medical Veterinar Dr. Tomoiagă Andrei* (C-144/14, EU:C:2015:452, mír 46), agus an 9 Iúil 2015, *Salomie et Oltean* (C-183/14, EU:C:2015:454, míreanna 47 agus 48).

³⁷ I ndáil leis sin, tugaim faoi deara nach féidir a chur as an áireamh, i gcásanna sonracha áirithe, go bhféadfadh sé go n-eascaíodh ionchais a bhfuil údar leo ó oibreoir eacnamaíoch as cleachtas na n-údarás cánach maidir le cóireáil cánach ar idirbhearta áirithe i bhfianaise na cóireála sin, agus mar thoradh air sin go bhféadfadh cur i bhfeidhm difriúil le héifeacht chúlghabhálach bunaithe ar athrú tuairime ón údarás sin a bheith ina fhadhb. Mar sin féin, i bhfianaise an fhreagra ar an gcéad cheist a tarchuireadh chun réamhráil, a mholaim, ní dóigh liom gur gá aghaidh a thabhairt anseo ar an gceist íogair maidir le cinneadh a dhéanamh cad is ‘dearbhuithé beacht’ ann ó thaobh na n-údarás cánach de i gcomhthéacs iniúchtaí cánach a bhaineann le tréimhsí cánach roimhe seo.

75. Ar an dara dul síos, maidir leis an easpa faisnéise i ndáil leis an athrú ar an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm, ní fheicim conas a d'fhéadfadh easnamh den sórt sin a bheith ina 'dearbhuíocht' as a n-eascraíonn ionchais a bhfuil údar leo de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 71 den Tuairim seo. Ina theannta sin, ní cosúil go bhfuil aon oibleagáid ar an riarachán cánach daoine inchánach a chur ar an eolas faoi athruithe ar an reachtaíocht chánach, ar cheart do thrádálaithe stuama agus faichilleacha a bheith ar an eolas fúthu de ghnáth.

76. Ar an tríú dul síos, ní féidir, i mo thuairimse, an fhaisnéis a chuir na húdaráis chánach ar fáil mar fhreagairt ar iarraidh Határ Diszkont a aicmiú sa chás seo mar 'dearbhuíocht' as a n-eascraíonn ionchais a bhfuil údar leo. Mar a chuireann an chúirt a rinne an tarchur féin in iúl, seoladh an tuairim sin – a bhí, thairis sin, neamhcheangailteach ó thaobh cineáil de – le linn na cigireachta cánach (agus mar gheall ar an gcigireacht sin). Dá bhrí sin, ní fhéadfadh aon éifeacht a bheith ag an bhfaisnéis 'ex post' sin, nach bhfuil ceangailteach, ar na hidirbhearta a rinneadh cheana a bhí ina n-ábhar don iniúchadh cánach.

3. An ceathrú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

77. Sa cheathrú ceist, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le léiriú Airteagal 73 agus 78 den Treoir maidir le CBL i ndáil leis an méid inchánach atá le cur san áireamh sa chás seo agus an modh chun CBL a ríomh. Go háirithe, i bhfianaise chásdlí na Cúirte, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur faoin gcur chuige a ghlac na húdaráis chánach maidir le caitheamh leis na costais cháschomhad, sa chás seo, mar ghlanmhéid seachas mar ollmhéid lena n-áirítear CBL. Níor ghá an cheist sin a fhreagairt ach amháin dá mba rud é, dá bhfreagrófaí na chéad trí cheist go diúltach, go measfaí na gníomhaíochtaí bainistithe cásanna sin mar sholáthar seirbhísí inchánach agus neamhdhíolmhaithe.

78. I ndáil leis sin, meabhraím, faoi Airteagal 73 den Treoir maidir le CBL, go n-áireofar sa mhéid inchánach 'gach rud arb ionann é agus an chomhaoin' a fhaigheann an soláthróir seirbhísí nó nach mór dó a fháil. Comhfhreagraíonn an chomhaoin don phraghas comhaontaithe a d'íoc an custaiméir. Luaitear in Airteagal 78(a) den Treoir sin nach mór gach cáin a áireamh sa mhéid inchánach freisin, cé is moite de CBL féin. Is ar an méid inchánach sin nach mór an ráta CBL *ad hoc* a chur i bhfeidhm ansin (Airteagal 93 den Treoir sin). Sonraítear níos soiléire fós in Airteagal 1(2) den Treoir sin, maidir le gach idirbheart, go bhfuil CBL atá dlite le ríomh ar phraghas na n-earraí nó na seirbhísí ag an ráta is infheidhme maidir leo, lúide méid na cánach.³⁸

79. Dá bhrí sin, chun an méid inchánach a chinneadh, is gá, i gcás gach comaoine de réir bhrí Airteagal 73 den Treoir maidir le CBL, an CBL a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 78(a) den Treoir sin, mar atá sé dlite faoin dlí.³⁹

80. Leanann sé ó na breithnithe sin go léir go n-áirítear i gcónaí in aon phraghas comhaontaithe (comhlán) CBL ag an méid (ceart) dá bhforáiltear le dlí, gan é a bheith ábhartha, maidir leis an gcáin is iníoctha leis an gcreidiúnaí cánach, cibé acu a bhí nó nach raibh na páirtithe sa chonradh ar an eolas faoin méid ceart sin.⁴⁰

³⁸ Féach mo Thuairim i gCás *Dyrektor Izby Administracji Skarbowej w Bydgoszczy* (Féidearthacht ceartúcháin i gcás ráta mícheart) (C-606/22, EU:C:2023:893, mír 29).

³⁹ Féach mo Thuairim i gCás *Dyrektor Izby Administracji Skarbowej w Bydgoszczy* (Féidearthacht ceartúcháin i gcás ráta mícheart) (C-606/22, EU:C:2023:893, mír 30).

⁴⁰ Féach mo Thuairim in *Dyrektor Izby Administracji Skarbowej w Bydgoszczy* (Féidearthacht ceartúcháin i gcás ráta mícheart) (C-606/22, EU:C:2023:893, mír 32). Féach freisin breithiúnas an 21 Márta 2024, *Dyrektor Izby Administracji Skarbowej w Bydgoszczy* (Féidearthacht ceartúcháin i gcás ráta mícheart) (C-606/22, EU:C:2024:255, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

81. Dá bhrí sin, dhearbhaigh an Chúirt go sainráite gur atoradh é d’Airteagal 78(a) den Treoir maidir le CBL go n-áirítear CBL go huathoibríoch sa phraghas comhaontaithe i gcónaí, fiú i gcás earráid ar thaobh an duine inchánach agus an ráta is infheidhme á chinneadh.⁴¹

82. Sa chás seo, i gcás ina measfaí na gníomhaíochtaí bainistithe cásanna atá i gceist – quod non – mar sholáthar inchánach agus neamhdhíolmhaithe seirbhísí, níor mhór an praghas comhaontaithe, eadhon 15 % de na méideanna a íocadh roimh CBL agus a aisíocadh ina dhiaidh sin, a mheas mar ollphraghas lena n-áirítear CBL cheana féin. Ba cheart an méid inchánach ar cheart an ráta CBL a chur i bhfeidhm ina leith a ríomh dá réir sin. I ndáil leis sin, ní bhaineann sé le hábhar go bhféadfadh sé gur mheas an duine inchánach go mícheart go raibh na hidirbhearta atá i gceist díolmhaithe agus, dá bhrí sin, gur cheart, dar leis, go mbeadh an ráta cánach is infheidhme maidir leis na hidirbhearta sin nialasach.

VI. Conclúid

83. I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, molaim go bhfreagródh an Chúirt Bhreithiúnais na ceisteanna a tharchuir Szegedi Törvényszék (Cúirt Szeged, an Ungáir) le haghaidh réamhrialú mar a leanas:

Maidir le hAirteagal 1(2) agus Airteagal 2(1)(c) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha,

ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:

ní eascraíonn soláthar sonrach neamhspleách seirbhísí as na gníomhaíochtaí bainistithe cásanna a dhéanann an díoltóir chun suimeanna a d’íoc ceannaitheoirí neamhchónaitheacha trí réamh-cháin bhreisluacha (CBL) a aisíoc i gcomhthéacs idirbheart, atá díolmhaithe ó CBL, maidir le soláthairtí earraí a onnmhairíonn siad ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, níl na gníomhaíochtaí sin inchánach faoin Treoir sin ós rud é nach bhfuil iontu ach cur chun feidhme na díolúine agus nach léiriú iad ar fheidhmiú gníomhaíochta eacnamaíche sonraí atá difriúil ón ngníomhaíocht a bhaineann le soláthar earraí.

⁴¹ Breithiúnas an 21 Márta 2024, *Dyrektor Izby Administracji Skarbowej w Bydgoszczy (Féidearthacht ceartúcháin i gcás ráta mícheart)* (C-606/22, EU:C:2024:255, mír 27).